



## Córas an Aonvóta Inaistrithe

### Toghchán a reáchtáil sa tseomra ranga

Úsáideann pobal Thuaisceart Éireann modh ar a dtugtar Aonvóta Inaistrithe le CTRanna a thoghadh. Tá sé furasta ag daoine fásta atá ag vótáil i dtoghchán córas an Aonvóta Inaistrithe a úsáid. Cuireann vótálaithe uimhir taobh le hainm ar an pháipéar ballóide leis na daoine – na hiarrthóirí – ar mhaith leo vótáil dóibh a roghnú. Cuireann siad 1 taobh leis an iarrthóir is fearr leo, 2 in aice leis an dara hiarrthóir is fearr leo agus mar sin de. Toghtar an chéad seisear iarrthóirí a fhaigheann an sprioclíon vótaí – an cuóta.

Cé nach bhfuil ach vóta amháin ag vótálaithe, nuair a chuireann siad uimhir in ord tosaíochta taobh leis na hiarrthóirí a roghnaíonn siad, is féidir an vóta sin a chur ar aghaidh ó iarrthóir amháin go dtí iarrthóir eile. Mar shampla, b'fhéidir nach dtoghfaí rogha uimhir 1 an vótálaí cionn is nach bhfuil go leor vótaí aige nó aici. Ní chailltear an vóta, áfach, mar cuirtear ar aghaidh ansin é go dtí rogha uimhir 2 an vótálaí, agus mar sin de. Ar an dóigh sin, baintear lántairbhe as gach vóta. Chomh maith leis sin, cinntíonn sé go bhfuil dearcadh níos mó vótálaithe i gceist maidir leis na hiarrthóirí a thoghtar.

### Páirtí a Phleanáil

Is d'iarrthóirí a thugann vótálaithe vótaí i dtoghchán. Baineann an chuid is mó de na hiarrthóirí le páirtí polaitíochta. Is grúpa daoine é sin a bhfuil dearcadh den chineál chéanna acu. Cuir na páistí i ngrúpaí le páirtithe polaitíochta dá gcuid féin a bhunú. Ba cheart dóibh cinneadh a dhéanamh le chéile faoi na daoine a ghlacfaidh na ról seo:

- Ceannaire an Pháirtí/Iarrthóir;
- Preasoifigeach; agus
- Oibrithe Feachtais.

Caithfidh gach páirtí cinneadh a dhéanamh ar an dearcadh atá siad ag iarraidh a chur chun tosaigh. B'fhéidir go spreagfadh sin na páistí maidir le hainm don pháirtí; mar shampla Páirtí na Milseán Saor, An Páirtí Rac is Roll, Páirtí na Seachtaine Scoile 4 Lá nó Páirtí an Chorpoideachais do Gach Duine.

Beidh orthu feachtas a reáchtáil le dearcadh a gcuid páirtithe a chur in iúl do na vótálaithe. Beidh na vótálaithe ag iarraidh a fháil amach na rudaí atá geallta ag gach páirtí polaitíochta a dhéanamh má vótálann siad dá gcuid iarrthóirí. Mar shampla, b'fhéidir go ngeallfadh Páirtí na Milseán Saor:

- Milseán saor in aisce do gach duine;
- Cead a bheith ag ithe le linn ceachtanna; agus
- Cuairt éigeantach ar an fhiacloir uair amháin sa mhí.

Iarr ar bhaill an pháirtí bheith ag obair le chéile leis na rudaí seo a leanas a chruthú:

- mana tarraingteach a achoimríonn na rudaí atá an páirtí ag iarraidh a chur i gcrích;
- siombail an pháirtí; agus
- póstaer nó bileog an pháirtí ina bhfuil liosta de ghealltanais an pháirtí.

Inis do na páistí an tábla in Áis 1 a úsáid le cinní a bpáirtí a thairfeadh agus le míniú a thabhairt ar na fáthanna atá lena gcuid roghanna.





## An Dóigh le Páipéar Ballóide a Chomhlánú

Taispeáin an páipéar ballóide samplach in Áis 2 do na páistí. Déanaigí cinneadh le chéile faoin dóigh leis an fhoirm a athrú sa dóigh go mbeidh sí fóirsteanach don toghchán. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh sibh ag iarraidh ainmneacha na 'bpáirtithe polaitíochta' sa rang a chur isteach, nó grianghraif de na hiarrthóirí. Nuair a bheidh sin déanta agaibh, priontáil cóip do gach duine de na daltaí ionas gur féidir leo vótáil.

Ba cheart do na páistí vótáil ar son an pháirtí polaitíochta a bhfuil na rudaí is fearr á dtairiscint aige, dar leo. Cuir i gcuimhne dóibh go gcaithfidh siad uimhreacha a chur taobh leis na hainmneacha ar an páipéar le vóta a chaitheamh. Cuireann siad 1 taobh leis an iarrthóir is fearr leo, 2 taobh leis an dara hiarrthóir is fearr leo agus mar sin de.

Mínigh a thábhachtaí atá sé gan a bpáipéar ballóide a mhilleadh. Milltear páipéar ballóide má dhéanann vótálaithe:

- an uimhir chéanna a chur taobh le beirt iarrthóirí;
- an uimhir chéanna a chur dhá uair taobh le hainm an iarrthóra;
- an páipéar a lot, mar shampla graifítí a tharraingt nó scriobláil air.

Ní áirítear páipéar ballóide atá millte. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh na páistí a gcuid páipéar a chomhlánú go cúramach ionas nach gcaillfidh siad a vóta.

## Lá an Toghcháin

Sa tsampla seo tá samhail shimplithe den dóigh le toghchán a reáchtáil do rang ina bhfuil 30 páiste, nuair atá ceathrar iarrthóirí san iomaíocht le dhá shuíochán a fháil.

## Cad is cuóta ann?

Is é atá sa chuóta líon na vótaí atá de dhíth ar iarrthóir le go dtoghfar é nó í. Déantar é a áireamh ag baint úsáid as an dá chothromóid san fhoirmle thíos:

**Cothromóid 1:** líon na bpáipéar ballóide bailí ÷ (líon na suíocháin + 1) = ?

**Cothromóid 2:** iomlán Choithromóid 1 + 1 = an cuóta

$$30 \div 3 = 10$$

$$10 + 1 = 11$$

Mar sin de, caithfidh na hiarrthóirí 11 vóta a fháil le go dtoghfar iad.





## An Chéad Áireamh

Sórtáil na páipéir bhallóide ina gcairn éagsúla, ceann amháin do gach iarrthóir. Caithfidh an uimhir 1 a bheith marcáilte taobh le hainm an iarrthóra ar na páipéir bhallóide i ngach carn. Ciallaíonn sin gur tugadh vóta céadrogha dóibh.

<b>Iarrthóir 1</b>	<b>Iarrthóir 2</b>	<b>Iarrthóir 3</b>	<b>Iarrthóir 4</b>
3	7	12	8

Tá go leor vótaí ag Iarrthóir 3 leis an chuóta de 11 a bhaint amach agus, mar sin de, toghtar an té sin sa chéad áireamh.

## An Dara hÁireamh

Anois cuir an carn de pháipéir bhallóide céadrogha atá ag Iarrthóir 3 i leataobh. Sórtáil iad ina dtrí charn nua. Ba cheart go mbeadh an uimhir 2 marcáilte taobh le hainmneacha na n-Iarrthóirí atá fágtha ar na páipéir bhallóide i ngach carn. Ciallaíonn sin gur tugadh vóta dara rogha dóibh ar na páipéir.

<b>Iarrthóir 1</b>	<b>Iarrthóir 2</b>	<b>Iarrthóir 4</b>
5	5	2

Suimigh le chéile na torthaí ón chéad áireamh leis na torthaí ón dara háireamh.

	<b>Iarrthóir 1</b>	<b>Iarrthóir 2</b>	<b>Iarrthóir 3</b>	<b>Iarrthóir 4</b>
An Chéad Áireamh	3	7	12	8
An Dara hÁireamh	5	5	0	2
Iomlán	8	12	12	10

Tá go leor vótaí ag Iarrthóir 2 anois leis an chuóta de 11 a bhaint amach agus, mar sin de, toghtar Iarrthóir 2 ar an dara háireamh.





## Áis 1: Páirtí a Phleanáil

Úsáid an tábla le cinntí an pháirtí a thaifeadh agus le fáthanna a thabhairt leis na roghanna a rinne sibh:

<b>Mionsonraí an Pháirtí</b>	
<b>Ainm an Pháirtí</b>	
<b>Tuairimí an Pháirtí</b>	
<b>Gealltanais an Pháirtí</b>	
<b>Mana an Pháirtí</b>	
<b>Siombail an Pháirtí</b>	





## Áis 2: Teimpléad Páipéar Ballóide

Bain úsáid as na treoracha agus as an leagan amach sa teimpléad thíos le cuidiú leat páipéar ballóide a dhéanamh don toghchán ranga. Cuir tuilleadh spásanna isteach má tá tuilleadh iarrthóirí sa rang.

### NÁ marcáil 'X' ar an pháipéar ballóide seo.

Bainfead úsáid as an mhodh Aonvóta Inaistrithe leis an toghchán seo a áireamh. Fágann sin go dtig leat vótáil do níos mo ná duine/páirtí amháin, ach beidh ort uimhir a chur taobh leo san ord is fearr leat.

Iarrtar ort vótáil mar a leanas:

- Scríobh **1** sa bhosca taobh leis an iarrthóir atá tú ag iarraidh a thoghadh mar an chéad rogha agat.
- Scríobh **2** taobh leis an iarrthóir atá tú ag iarraidh a thoghadh mar an dara rogha agat.
- Scríobh **3** taobh leis an iarrthóir atá tú ag iarraidh a thoghadh sa tríú háit.

Lean ort go dtí go bhfuil uimhir scríofa agat taobh le gach duine a bhfuil tú ag iarraidh vótáil dó nó di.

Thig leat vótáil ar son a oiread iarrthóirí nó a laghad iarrthóirí agus is mian leat. Mar sin féin, ná scríobh an uimhir chéanna níos mó ná aon uair amháin.

Ainm agus Páirtí an Iarrthóra	Grianghraf an Iarrthóra (Roghnach)	Ord Tosaíochta (1 don pháirtí is fearr leat agus 4 don cheann is lú a bhfuil dúil agat ann)

**Uimhir aitheantais páipéar ballóide:  
(Roghnach)**

